Guth Ghoill

Luach € 2.00

# Beannachtaí na Nollag

## Dia do bheatha, a Naoidhe Naoimh.

Ba é an tAthair Aodh Mac Aingil (alias Aodh Mac Cathmhaoil) a rugadh i nDún Phádraig i gCo. An Dúin, a scríobh an dán cráifeach seo timpeall na bliana 1600. Bhí sé ina theagascóir pearsanta ag cuid mac Aodh Ó Néill, taoiseach Thír Eoghain. Chuaigh sé isteach in Ord San Proinsias i Salamanca timpeall na bliana 1601. Theagasc sé san Ollscoil ansin go luath i ndiaidh dó teacht amach ina shagart. Fuair sé bás sa Róimh sa bhliain 1626.

Níl anseo ach trí véarsa de dhán chráifeach fada a scríobh sé faoi bhreith an linbh Íosa.

Dia do bheatha, a naoidhe naoimh,
isan mainséar cé taoi bocht,
meadhrach saidhbhir atá tú
's glórmhar id dhún féin a-nocht.

A naoidhe bhig atá mór,
a leanbáin óig atá sean,
san mainséar ní chuire a lán
cé nach bhfagha áit ar neamh.

Ar neamh dhíbh gan mháthair riamh,
gan athair 'nar n-iath a-nos,
it fhírDhia riamh atá tú
is id dhuine ar dtús a-nocht.

You are welcome, O holy Child
in the manger, even though you are poor,
you are happy and rich
and powerful in your own stronghold tonight.

O little child who are so great,
O child so young who are yet so old,
in the manger you take up so little room,
even though heaven can barely contain you.

In Heaven you were without mother,
in this world now without father,
you are True God ever and always,
but you are human first of all tonight.



# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar


Dia do bheatha, a Naoidhe Naoimh 1

Clár 2

Imeachtaí Chéim Aniar 3

Mionphaidreacha an Phaidrín.
Oíche Nollag 8

Santiago de Compostela 9

Meitheal Mhíobhaigh Teoranta 10

Gnásanna a bhain le Tórramh i Ros Goill 11

Fiachra Mac Pháidín 13

Logainmneacha Ros Goill 14

Scéal Mhánas Mhicí Mhánais. 15

Cóisir na Seandaoine 20

Feadaímó 21

Laochra an Chogaidh Mhóir 23

Seanphictiúr 24

# Oíche Ghaelach



Bhí Oíche Ghaelach in Ostán na Trá sna Dúnaibh Dé hAoine 28 lá Samhna agus de réir cosúlachta bhain an slua mór a bhí i láthair sult go bráth as an oíche chultúir den chéad scoth a cuireadh rompu.

Is fada an lá anois é ó thosaigh muid ar na hOícheanta Gaelacha seo. Bhí an chéad Oíche Ghaelach againn i mí na Samhna 2004. Ba é an sprioc a bhí againn ó thús ná ár dteanga agus ár gcultúr a chur chun tosaigh i ndóigh a mbainfeadh daoine sult is pléisiúir as agus go dtí seo d'éirigh linn sin a dhéanamh. Ach in Ostán na Trá ar an oíche seo bhí an seó ab fhearr a bhí againn ariamh.



*Jimmy Mac Giolla Bhríde & Frances Mhic Pháidín*

Bhí meascán maith imeachtaí ar siúl agus ó thosaigh an oíche le Seán Mac Corraidh ag a naoi a chlog lean an seó ar aghaidh gan briseadh le ceol, le hAgallamh Beirte, le hAmhránaíocht, le Filíocht agus leis na Drámaí.

Chuir Clann Pasoma, Ailín, Laura, Micheál agus Aobhá, an dráma 'An Mac Falsa' i láthair agus caithfidh mé a rá go raibh siad ar fheabhas go háirithe an 'Punk Rocker' Micheál, fear atá chomh nádúrtha ar stáitse is a chonaic mé ariamh.

Bhí ceol agus amhránaíocht againn ó leithéidí Seán Mac Corraidh, Róise Ní Chorraidh as Béal Feirste, Máire Ní Choilm, Doimnic Mac Giolla Bhríde as Gaoth Dobhair, Willie Duggan as Toraigh, Miséal Nic Grianna, Lorraine Ní Dhuibheanaí, Aodh Mac Ruaidhrí, Tony Mac Ruaidhrí as Rann na Feirste, Aingeal Nic a Bháird as na Dúnaibh, Clann Uí Chuilinn, Paidí, Deirdre agus Sorcha as Carraig Airt agus Neasa Ní Dhaimhín, iníon le Seán Ó Dáimhín, oifigeach Gaeilge le Comhairle Contae Dhún na nGall. Cha dtug muid cuireadh do Francie amhrán a cheol an iarraidh seo mar go bhfuil muid tinn tuirse ag éisteacht leis ag caoineadh faoina Chró Bheag suarach ag Bun Chnoc a' Tí. Thug clann Uí Shibhleáin, Niamh agus Gavin, a bhí sa Ghrianán níos luaithe sa bhliain le "The Rising Step", taispeántais damhsa a bhain croitheadh as urlár an tí. Ansin bhí sé

in am ag na seanbhoic taispeántas drámaíochta a thabhairt, agus fágadh an lucht féachana sna trithí ag gáire ó thús go deireadh an dráma leathuaire grinn 'Sínte'. Seo dráma de chuid Mhícheáil Uí Thuairisc as Gaillimh, agus é curtha in oiriúint agus léirithe ag Proinsias Ó Cuilinn, agus curtha i láthair ag Aisteoirí Mhíobhaigh. B'iad Aodh Mac Laifeartaigh, Proinsias Ó Cuilinn, Seán Mac Giolla Bhríde, Caoimhín Mac a'Bháird, Fíona Pasoma agus Seán Ó Dochartaigh na haisteoirí.

Bhí blaiseadh beag den fhilíocht againn chomh maith ó Cholette Ní Ghallchóir, file gurb as ceantar na gCruacha di ó dhúchas ach atá ina cónaí i Leitir Ceanainn anois. Léigh sí as cnuasach dánta dá cuid féin. Tá dhá chnuasach dá cuid dánta foilsithe. Léigh Joe Ó Cuilinn dán fosta agus ansin bhí dhá agallamh beirte ar an ardán le Seán (Mhicí Rua) Mac Giolla Bhríde, Seosomhín Ní Bhuaidhe agus Fiona Pasoma.

Nuair a bhí sin uilig thart i dtrátha an mheánoíche bhí ceol agus comhluadar breá sa bheár dóibhsean a bhí ag fanacht thar oíche san ostán.

Bhí oíche den scoith againn uilig agus caithfimid ár mbuíochas a ghabháil le Charlie, Mairéad agus Darach a d'amharc 'nár ndiaidh ó thús go deireadh.



*Willie Duggan*



*Doimnic Mac Giolla Bhríde*
*a bhuaigh comórtas na bhfear ag an Oireachtas i mbliana.*



*Sorcha & Deirdre Ní Chuilinn*



*Tony Mac Ruaidhrí*





*Neasa Ní Dhaimhín*



*Róise Ní Chorraidh*



*Colette Ní Ghallchóir*



*Paidí Ó Cuilinn*



*Aodh Mac Ruaidhrí*



*Seán Mac Giolla Bhríde & Seosaimhín Ní Bhuaidhe*

# Oíche Ghaelach


Seán Mac Corraidh


Joe Ó Cuilinn


Seán Mhici Rua & Fiona Pasoma


Miséal Nic Grianna


Máire Ní Choilm


Niamh & Gavin Ó Sibhleáin


Aingeal Nic a' Bháird


Micheál Pasoma


Ailín, Aobhá, Micheál & Laura Pasoma

# Oíche Ghaelach



Fíona Pasoma, Aodh Mac Laifeartaigh, Proinsias Ó Cuilinn, Caoimhín Mac a'Bháird agus Seán Mac Giolla Bhríde sa drama "Sínte".



Caoimhín, Seán, Proinsias, Aodh & Seán Ó Dochartaigh..



Ó chlé tá Helena & Micheál Ó Gallachóir, Freddie Mac Giolla Bhríde & Donncha Mac Laifeartaigh..



Ar chúl tá Bernie & Antaine Mac Giolla Bhríde agus chun tosaigh tá Gráinne Gillen, Ollscoil Mhag Aodha, Doire agus a cara Máire.



Aobhá & Micheál Pasoma sa scéal dráma "An Mac Falsa".



Natalie, Eibhlín & Donnchadh Mac Íomhair



Bernie & Pádraig Ó Dubhchóin, Máiread Mhic Daide & Róise Nic Laifeartaigh.

## Tráth na gCeist

Ta comórtas Thráth na gCeist a reáchtáil ag Céim Aniar sna tithe tábhairne áitiúla arís i mbliana. Bí-onn triúr ar achan fhoireann agus beidh fáilte roimh foirne úra.

Beidh an chéad bhabhta eile i dTeach Thrá Mór, Dé Céadaoin, 14 Eanáir, 2009, ag 10.00 i.n.



## Nollaig Shona daoibh a pháistí



Ar dheis tá pictiúr a glacadh roimh laethanta saoire na Nollag ag an chóisir bheag do pháistí i Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne.

Beidh an Naíonra ag athoscailt arís Dé Céadaoin, 7 Eanáir.

Seo thíos páistí atá ag freastal ar na ranganna ceoil atá a reáchtáil ag Céim Aniar in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh. Beidh na ranganna seo ag toiseacht arís Dé Máirt, 13 Eanáir.










## Tomhais

Rith mé 's fuair mé í, shuigh mé, chuardaigh mé í agus nuair nach bhfuair mé í, thug mé liom í.

(dealg i mo chos.)

Chuaigh ceann dubh agus ceann bán amach an cnoc, tháinig an ceann dubh isteach agus d'fhág an ceann bán ina diaidh.

(Cearc ag breith uibhe)

# Mionphaidreacha an Phaidrín.

Cha raibh am ar leith ann le linn na hoíche an paidrín a rá ach leathchéad bliain ó shin ba ghnás coitianta a bhí ann do theaghlaigh an paidrín a rá am éigin san oíche sula dtéití a luí. Sna blianta deireanacha den phaidrín ní raibh i gceist ach cúig dheichniúr ach sna glúnta roimhe sin bhí cuid mhaith teaghlaigh a deireadh cúig dheichniúir déag. Thosódh na mionphaidreacha ansin agus corruair mhairfeadh siad chomh fada leis an chúig dheichniúr déag. Achainíocha chuig Dia a bhí sna mionphaidreacha le daoine a chosaint ar urchóidí an tsaoil agus ramás breá a bhí i gcuid de seo.

Tá cúpla píosa againn anseo le barúil a thabhairt cad é go díreach a bhí i gceist. Is amach as Rotha Móra an tSaoil le Micí Mac Gabhainn atá an chéad phíosa. Bhí Micí ina ghasúr óg naoi mbliana d'aois ar an bhealach go hAonach an Fhostaithe i Leitir Ceanainn lena mháthair agus stop siad thar oíche ag daoine muinteartha dá gcuid ag Tobar an Dúin.

'……………..Go díreach i ndiaidh sinne greim a fháil le hithe, dúirt an tseanbhean a bhí sa teach go mb'fhearr talann phaidrín a rá - go raibh cuma thuirseach orm féin, rud creidim a bhí. Chuaigh achan duine ar a ghlúine agus ba í an tseanbhean a chur ceann ar an phaidrín. Dúradh cúig deichniúr dhéag. Bhí mé féin beodhanta go leor fhad is a mhair sin ach nuair a thosaigh na mionphaidreacha cha raibh déanamh uirthi go raibh sí ag dul a stad choíche. Bhí stól beag darach agam féin a raibh mé ar mo ghlúine aige agus char mhothaigh mé gur cnaghadh clár m'éadain air. Mhuscail sin suas mé. Ghuigh an tseanbhean ar son a seacht sinsear, ar son na gcomharsan agus na gcoimhthíoch, in aghaidh aicídeacha, deamhain aeir agus thalaimh agus gach urchóid eile dá rabh os ár gcionn agus os cionn an tí a rabh muid ann, le Dia a ndíbirt agus a scrios, i gcloich agus i gcrann i bhfad uainn. Char chuala mé a leithéid de phaidireoireacht ariamh'.

Tá an chéad phíosa eile, níl ann ach na cúpla líne, tógtha as bailiúchán béaloideasa Ros Goill. Cuireadh na focail seo i mbéal Nead Bán, cibé a bhí ann. B'fhéidir go mbeadh a fhios ag duine dár léitheoirí. Seo blas de chuid mionphaidreacha Nead Bán.

A Pheadair 's a Mhuire le cailíní an bhaile seo a shábháil ó ruagairí reatha as baile isteach,
A Pheadair 's a Mhuire le peacaí an tí seo titim ar an teach seo thiar agus scrios Dé orthu sin siar,
A Pheadair 's a Mhuire leis an asal s'againne a shábháil ar asal na Spiairí.

## Oíche Nollag

Le coinnle na n-aingeal, tá an spéir amuigh breactha,
Tá fiacail an tseaca sa ghaoith ón gcnoc;
Adaigh an tine is téir chun na leapa,
Luífidh Mac Dé ins an teach seo anocht.

Fágaidh an doras ar leathadh ina coinne,
An Mhaighdean a thiocfaidh is a Naí ar a hucht;
Deonaigh do shuaimhneas a ligean, a Mhuire,
Luíodh Mac Dé ins an teach seo anocht.

Bhí soilse ar lasadh i dteach sin na haíochta,
Cóiriú gan chaoile, bia agus deoch,
Do cheannaithe olla, do cheannaithe síoda,
Ach luífidh Mac Dé ins an teach seo anocht.

*le Máire Mhac an tSaoi*

# Santiago de Compostela

Anseo i nDún na nGall tá muid cleachtaithe le daoine ag dul ar oilithreacht. San am atá thart, chuaigh daoine go Tobar an Dúin le hurnaigh, agus le faoiseamh a chuartú, agus leoga, tá athbheochaint tagtha ar an áit bheannaithe sin arís. Dhéanann daoine na Turais in onóir Choilm Cille i nGartan, i nGleann Choilm Cille agus in áiteanna eile. Tá cáil dhomhanda ar Loch Dearg i ndeisceart an chontae, agus tá trial ag na mílte achan bhliain ar Chnoc Mhuire. Thar lear, is iad Lourdes, Fatima agus Medjugorje a mbíonn trácht orthu. Ach caidé faoi Santiago de Compostela, in iarthuaisceart na Spáinne, cathair atá ainmnithe do Naomh Séamus, duine de na hAspail Naofa?

Tá Santiago mar phríomhchathair riaracháin cheantar Ghalicia na Spáinne, sa chuid thiarthuaidh den tír, cathair ina bhfuil daonra de thart fá 90,000 duine, ach sin méadaithe go mór le hoilithrigh agus turasóirí. Tá aitheantas oidhreachta domhanda ag an áit, agus cuirtear é ar chomhchéim leis an Róimh agus Iarúsailéim mar láthair mhóra na Críostaíochta.

De réir an tseanchais, i ndiaidh bhás Chríost, chuaigh an tAspal Séamas siar fhad leis an Spáinn



Dealbh Naomh Séamas

ag spréadh soiscéal Dé. D'fhill sé ar an Phalaistín, áit ar maraíodh é féin agus beirt dá chomrádaithe sa bhliain 44AD. Chuir a lucht leanúna na coirp ar bord loinge agus sheol siar arís go Galicia, áit ar tugadh iad i dtír agus fhad leis an áit a bhfuil Santiago inniu. Thar na blianta, rinneadh dearmad air go dtí an bhliain 813, nuair a chonaic fear darbh ainm Paio soilse cosúil le réalta ar chnoc Libredon, áit a raibh sean dhún leis na Rómhánaigh. Thug sin an t-ainm don áit – Campas Stellae, páirc na réalt. Chuala Easpag na háite an scéal, agus nuair a rinneadh cuartú, fuarthas tuama ina raibh corp Naomh Séamas agus an bheirt charad. Tógadh séipéal ar an áit, agus thosaigh oilithrigh ag teacht.

Thar na céadta bliain ina dhiaidh sin, d'fhás an chathair. Scrios na Múraigh an áit, ach sábháladh na taisí, agus tosaíodh ar thógáil Ardeaglais sa bhliain 1075. Tháinig oilithrigh as gach cearn den Eoraip, agus bhí bealaigh aitheanta leis an turas sin a dhéanamh, Slí Naomh Séamas, an *Camino*, agus tá aitheantas ag an Slí sin mar an Príomh Slí Cultúrtha san Eoraip. Bhíodh bia agus lóistín curtha ar fáil go fláithiúil i dtithe faoi leith, *hospital*, agus as sin tháinig an focal Béarla, *hospitality.*

Tá an Ardeaglais thar a bheith suimiúil, agus is ar



Ardeaglais Santiago de Compostela

dhealbh Naomh Séamas agus ar an bhosca airgid ina bhfuil na taisí is mó a bhíonn tarraingt. Thig leat siúl thart ar chúl na deilbhe agus do phaidir a chogar ina chluais, agus siúl thart leis an bhosca luachmhar. Bíonn manach ina shuí in aice leis i gcónaí.



An bosca airgid ina bhfuil taisí Naomh Séamas

Tá na Slíte eagsúla as na tíortha ar an mhór-roinn soiléir, agus téann daoine ar chois, ar rothair, ar chapaill nó cibé dóigh, ach is cosúil go ndeachaidh na hÉireannaigh thar muir go La Coruna, agus as sin ar chois go Santiago. Cupla bliain ó shin, chuaigh scaifte as an Daingean i gCiarraí ar an *Jeannie Johnson* anonn ar oilithreacht.

Is ceantar fíorálainn Galicia, agus cultúr Ceilteach beo ann, agus a dteanga féin acu fosta. Tá siad ag bráth go mór ar an iascaireacht, agus tá port Vigo ar cheann de mhórchalafoirt iascaireachta na hEorpa. Tá go leor againn i gcoitinne le muintir Ghalicia, nár dheas ceangal a chothú eadrainn?

*Peigí Ryder*

## Meitheal Mhíobhaigh Teoranta

Bá mhaith le Coiste agus Foireann Mheitheal Mhíobhaigh á mbuíochas a ghabháil le muintir na háite agus lena lucht maoinithe ar son a gcuid tacaíochta i rith na bliana. Ba mhaith leo fosta Nollaig shona agus Athbhliain faoi mhaise a ghuí oraibh uilig.
Beidh Ionad Acmhainne Mhíobhaigh druidte ó 12.30 i.n. Dé Máirt, 23 Nollaig go dtí Dé Céadaoin, 7 Eanáir, 2009.

### Puins Nollag - Gan alcól



Pionta (570ml) Sú Oráiste Milsithe
Pionta (570ml) Sú Úill
¼ pionta (140ml) Uisce
½ spúnóg bheag (1.25ml) Sinséar Meilte
½ spúnóg bheag (1.25ml) Spíosra Measctha
Oráiste



Táthchodanna Roghnacha (Optional Ingredients)
½ Líomóid
½ Líoma
Bata Cainéil (cinnamon stick)

Cuir sú oráiste, (líomóid agus líoma má tá tú a úsáid) sú úill, uisce, sinséar agus spíosra i sáspan. Bruith, ansin laghdaigh an teas agus cuir ar suanbhruith é ar feadh 5 bhomaite.

Cuir an puins te isteach i ngloiní teo le sliseanna oráiste agus úill.

## *Gnásanna a bhain le Tórramh i Ros Goill.*



*Rachadh muintir an tí agus cíbe duine a bhí istigh sa teach amach go dtí'n tsráid sula dtógfaí an chónra amach as an teach lá an tórraimh. Bheirtí an chónra amach as an teach agus chuirtí é ina shuí ar dhá stól nó cathaoir agus deireadh duine éigin cúpla paidir. Ní chuirtí an chónra ar an talamh.*

*Bhí an sagart i gcónaí i láthair ag an tórramh agus ní ligfí an chónra síos 'na reilige go dtí go mbeadh an sagart ann. Chaithfeadh an tórramh a bheith thíos sa tSeanreilig ag a trí a chlog. D'iompródh ceathrar fear an chónra ar a gcuid guaillí, beirt chun tosaigh agus beirt ar cúl, agus de ghnáth bheadh ochtar i gceist san iomlán. Chaithfeadh siad uilig a bheith ar an airde amháin. D'iompródh muintir an bhaile an chónra, daoine go háirithe a bheadh muinteartha don mharbhán.*

*Ag dul siar b'fhéidir leathchéad bliain roimhe sin, chaithfeadh an chéad cheathrar a d'íompródh an chónra a bheith den sloinne céanna. Bhí cuid de na sloinnte gann ag an am ach gheobhadh siad i gcónaí daoine ar dhóigh inteacht. Chomh maith le seo, shiúlfadh fear eile den tsloinne chéanna os comhair na cónra agus cros ar iompar aige, ón teach rith an bhealaigh síos go dtí'n reilig.*

*Nuair a bhí turas fada le déanamh mar shampla, aniar as Dún Fionnachaidh nó as Cill Mhic n-Éanáin, ghlacfaí scíste leathbealaigh. Bhí leacacha áirithe a dtugtaí 'Lag na gCorp' orthu agus d'fhágfadh siad an chónra ar cheann de na leacacha seo ar feadh tréimhse ama nó in amanna go dtí an lá dár gcionn. Turas rófhada a bheadh ann in aon bhabhta amháin, go háirithe dá mbeadh an chónra trom. Bhí an rud céanna i gceist leis an mhuintir ón taobh thiar den leithinis. Rachadh siadsan suas Doire a' Chasáin Beag agus amach ansin ag teach Phaidí Shearlaí Ciarraigh áit a raibh 'Lag na gCorp' agus d'fhágadh siad síos an chónra agus dhéanadh siad a scíste ar thaobh Bhaile an tSléibhe ar feadh fiche bomaite nó mar sin. Tá áit eile ansin a dtugtar 'Cnoc na Marbh' air agus deirtear gur ansin fosta a dhéanfaí scíste nuair a bheadh tórramh ar an bhealach go dtí'n reilig agus gur sin an tuige a tugadh 'Cnoc na Marbh' air.*

*Bhí nós ann go gcaithfí an chónra a thabhairt go dtí'n reilig an bealach ab fhaide ón teach, nár cheart an aicearra a ghearradh. Ní raibh sin fíor i gcónaí mar go mbeadh an turas*



*rófhada ach ní rachadh siad an bealach céanna dhá uair agus tá sin amhlaidh go fóill.*

*Dá mbeadh tórramh mór ann, chiallódh sé seo go raibh meas an phobail ar an duine a bhí marbh agus go mbeadh an ofráil níos mó.*

*Bheadh an sagart taobh amuigh den reilig ag feitheamh ar an tórramh, agus nuair a gheobhadh siad fhad leis, leanfadh an tórramh é isteach go dtí'n reilig. Dhéanfadh an sagart an uaigh agus an chónra a choisreacan agus chuirfí an chónra síos faoi thalamh. Bheadh buidéal beag uisce coisricthe le muintir an tí agus chuirfí an buidéal síos le taobh na cónra. Deireadh an sagart na paidreacha agus ansin nuair a bhíodh an uaigh druidte rachadh achan duine fhad le 'Leac na nOfrálacha' agus ba ansin a dhíoltaí an ofráil. Théadh achan duine 'na bhaile ansin.*

*D'fhanadh cúpla ban ar ais sa teach le linn an tórraimh agus bheadh tae agus greim le hithe réidh acu do mhuintir an tí nuair a thiocfadh siad ar ais ón reilig. Bhéarfaí cuireadh do chuid de na comharsana theacht ar ais chun an tí fosta agus b'fhéidir go mbeadh deoch nó dhó acu ansin. Bheadh sé de dhíth go mór orthu agus iad ag pilleadh 'na*



*bhaile i ndiaidh slán a fhágáil ag a gcairde muirneach i Sean- Reilig Mhíobhaigh.*

*Tá saolré na Sean-Reilige stairiúla seo ag teacht chun críche, agus nach iomaí scéal a thiocfadh léi a insint dúinn fán mhuintir a chuaigh romhainn agus atá anois curtha i gcré na cille anseo agus gan de chuideachta acu ach scread na bhfaoileog agus crónán na*



*Maoile Ruaidhe. Gurab amhlaidh a bheas sé sa cheantar bheannaithe, naofa seo agus go bhfágtar é faoi shuíochán ag anamacha na marbh.*

*Ba mhaith liom an chuid seo do scéal sheanreilig Mhíobhaigh a chríochnú le traidh-fil véarsaí ón amhrán iomráiteach "Thíos Cois na Trá Domh";*

*Istigh ar na h-inseáin tá sean-reilig bheannaithe*
*An áit inar mhair naoimh san aimsir fadó*
*Tá daoine istigh ann a chaith seal go h-aerach*
*Ní shiúlfaidh siad thart fán chladach níos mó.*

*Bhuail uaigneas m'intínn 's mé ag amharc ar an reilig*
*'S mé ag meadhradh ar dhaoine istigh ann ina luí*
*Fir 's mná óga, seandaoine 's páistí*
*Muintir mo mhuintir 's cairde mo chroí.*

*Tá na coiligh ag glaoch 's na réalta ag bánú*
*Tá an ghealach ina luí 's ní fada go lá*
*Slán agat anois a shean-reilig bheannaithe*
*'S na daoine a shiúlfadh liom síos cois na trá.*

Fíona Pasoma

## Cúpla Seanfhocal

Is geal leis an fhiach dubh a ghearrcach féin.

* * *

Is maith an bádóir an té a bhíos ar an talamh.

* * *

Síleann fear na buile gurb é féin fear na céille

* * * *

# Fiachra Mac Pháidín.

I mí Aibreán na bliana 2007 rinneadh Fiachra Mac Pháidín, mac le Déaglán (Jack), a dhi-agnoísiú le leoicéime (leukaemia) den chineál Chronic Myeloid. Bhí sé dhá bhliain déag d'aois. Insíodh dó gur aicíd fola a bhí sa leoicéime ach cha raibh i bhfad gur thuig sé gur ainm eile do leoicéime ab ea ailse fola, agus bhain seo an croí as agus shíl sé go raibh a shaol thart. Mhothaigh sé iontach brónach agus bhuail eagla é.

Ach de réir mar fuair a theaghlach agus é féin níos mó eolais ón fhoireann leighis i Singapore, áit a bhfuil cónaí orthu, thuig siad go bhféadfaí an cineál seo leoicéime a leigheas, agus go raibh an t-ádh air fosta sa mhéid go raibh beirt dheirfiúr aige a raibh meaits cruinn acu le smior (marrow) a thabhairt dó nuair a bheadh Trasphlandú Smeara aige amach anseo.

Caitheann sé a shaol mar a dhéanfadh aon stócach ag trí bliana déag, glacann sé táibléad amháin achan lá lena chuid fola a choinneáil sa réimse ceart agus tá sé tiomanta é fhéin a choinneáil folláin. Tá sé lán dóchais agus fuinnimh.

Rinne Lance Armstrong, an rothaí Meiriceánach Fiachra a spreagadh go mór, thaitin sé leis an dóigh a lean Armstrong ar aghaidh go cróga nuair nach raibh rudaí ag amharc rómhaith dó. Caitheann sé rostbhanda buí Armstrong 'Livestrong' a cruthaíodh le tuiscint ar ailse a mhéadú agus le daoine a spreagadh a saol a chaitheamh go hiomlán. Tá rostbhanda gorm a chaitheamh ag Fiachra fosta, seo ceann a rinne sé féin a dhearadh agus an mana 'fight for life' agus a ainm fhéin eitseáilte air i dtéacs éadrom ghorm. Cuireann na rostbhandaí seo i gcuimhne dó a aghaidh a thabhairt go cróga ar an bhealach chorrach atá roimhe.

Ón am a hinsíodh dó go raibh leoicéime air ghlac Fiachra páirt i dTriathlon Singapore 2007 agus 2008, ritheann sé rásaí 10c chomh minic agus is féidir leis, agus ritheann sé an rása bliantúil 'Run for Hope' (Terry Fox), seo uilig le hairgead a bhailiú d'ailse, agus deir Fiachra go leanfaidh sé den rása seo chuile bhliain go dtí go gcomhlíonfaidh Terry Fox a aisling, sé sin leigheas a fháil d'ailse. Tá Fiachra iontach dearfach agus tá dearcadh breá folláin aige ar an saol.

Thraenáil Fiachra go dícheallach do rása 10c a bhí ar siúl i Singapore ar an 7 Nollaig. Tá ar Fhiachra sos a ghlacaint anois agus scíste a bheith aige mar ullmhúchán do dháta tábhachtach ina shaol, sin an 15 Eanáir, mar gur ar an lá seo a bheas an Trasphlandú Smeara aige. Tá a fhios aige go bhfuil bealach fada roimhe agus beidh sé den scoil ar feadh bliana ach tá sé anois réidh don trasphlandú, agus deir sé nach bhfuil sé imníoch fá cad é atá amuigh ansin roimhe.


'Sé an chomhairle atá aige do dhuine ar bith macasamhail é féin ná ' fanacht dearfach, coinneáil ag comhrac agus a bheith ag urnaí. Bíonn laethanta ann nach mbíonn tú ag mothú rómhaith agus a mbíonn fonn caointe ort agus go mbíonn fearg i do chroí' ach deir sé "tá sin ceart go leor fosta mar gur maith an rud é do chuid mothúcháin a scaoileadh uait".

Guímis uilig gach adh ar Fhiachra ar an 15 Eanáir go dtiocfaidh biseach air agus go mbeidh sé i mbarr a shláinte arís. Gasúr cróga.



# Logainmneacha Dhun Dubháin Uachtarach

1 Ailteán
2 An Ailt
3 An Charraig Ard
4 An Cuibhreann Fada
5 An Mhalaigh Mhór
6 An Pháirc Bhán
7 An Seascann
8 An tArd Ramhar
9 Annalach
10 Ard Dhiarmaid
11 Ard na dTrioplóg
12 Barr a' Lane
13 Barr Annalainn
14 Bearna na Gaoithe
15 Bráid Annalainn
16 Carraig a' Ghliomaigh
17 Cnoc na gCruach
18 Cuibhreann Annalainn
19 Cúl Ailteán
20 Cúl an Gharraí
21 Cúl Tí Ned
22 Faoin Ard
23 Faoin Chrann
24 Faoin Stór
25 Garraí Sweeny
26 Gort a’ tSléibhe
27 Léana Bhán
28 Malaidh Bhán




29 Malaidh na dTor
30 Páirc a’ Léana
31 Pairc an Tobair
32 Páirc Bhrianaí
33 Páirc Mharcais
34 Portach Beag

# Scéal Mhánas Mhicí Mhánais. Mánas Ó Gallchóir.

Seo an scйal a fuair Sally уna huncail Mбnas ag tъs na bliana seo. Cur sнos atб ann fбna shaol agus na hбiteanna ar oibrigh sй iontu. Is fiъ go mуr na scйal-ta seo mar go dtabharann siad lйargas dъinn ar an saol corrach a bhн sa tнr seo ag an am, saol inбr fhulaing daoine lйan agus leatrom agus iad у бit go hбit agus у thнr go tнr ar lorg oibre. Bhн суnaн ar Mhбnas i nGort a' Choirce ag deireadh a chuid laetha agus fuair Mбnas bбs ansin le linn an tSamhraidh. Ar dheis lбmh Dй go raibh a anam dнlis.

Rugadh Mбnas thнos ar an Ghlнob sa bhliain 1924 agus bhнсъigear dearthбir aige, Johnny, an duine ba sine, Micheбl, Dinis, Proinsн agus Paidн, agus dhб dheirfiъr, Grace agus Mбire. Sally a bhнar a mhбthair agus ba as Cluain tSaileach н agus Micн a bhн ar a athair. Ba chuimhin leis dul na scoile don chйad uair i mн Aibreбin nuair a bhн sй seacht mbliana d'aois



*Seanscoil Mhíobhaigh*

agus й costarnocht. Bhн Bill Mac Lochlainn mar phrнomhуide ann ag an am agus bhн mъinteoir eile darbh ainm inнon NнChannбin as Teileann ann. Bhн sise рysta ar Phroinsias Mac Giolla Bhrнde (Phaidн Dhonnachaidh). Dhб mhъinteoir dheasa a bhнiontu. Thart fбn am sin a fuair a uncail Proinsнbбs. Maidin Dй Domhnaigh a bhн ann agus bhн Mбnas thuas ar chъl an tнlena mhбthair ag tabhairt a gcuid do na cearca nuair a thбinig Nancy Phaidн Dhonnchaidh agus seбl uirthi, agus нi ndiaidh teacht уn Aifreann mall. Shiъl sнas Carraig Airt agus ba chuimhin leis н ag insint dб mhбthair gur bualadh Proinsнle carr thu-as ag teach AndнPhбdraig agus go raibh sй ina luнar an bhealach agus йadach caite sa mhullach air.

Tithe ceann tuнuilig a bhнar an Ghlнob nuair a bhн Mбnas уg. Bhнneart oibre le dйanamh ag gasъir уga, ag tarraingt uisce, ag sбbhбil mуna, ag coimhйad na n-ainmhithe, ag sбbhбil fйir agus a leithйid. Ba chuim-hin le Mбnas a bheith ag baint feamainne thнos ag Al na Dualtaн lб amhбin, le cur ar an talamh chun й a leasъ, agus ceann de na h-asail ag dul in abar sa ghaineamh slogach air. Bhнeagla an domhain air go dtiocfadh an fharraige isteach uirthi agus rith sй fhad le teach Thomбis. Chuaigh Joe agus Proinsias У



Cuilinn sнos leis agus d'йirigh leo an t-asal a thуgбil amach as.

Nuair a bhнMбnas ar an scoil bhнsй ar fostъ anseo is ansiъd. Bhнsй ar fostъ i dteach PhaidнУig nuair a bhнsй bhliain dйag d'aois agus ag stopadh ann i rith na seachtaine. Bhнsй ag obair do Dinis Phat ar feadh tamaill agus bhнDinis creathnach maith. Nнligfeadh sй duit obair throm a dhйanamh ar eagla go ngortyfб thъ fйin. Bhнodh sй ag coimhйad an eallaigh, ag sбbhбil mуna, amuigh ag treabhadh agus mar sin de. J2 agus 10 scillinge a gheofб don sй mhн Nuair a bhн sй ag cur isteach na mby maidin amhбin do Dinis scairt Den a' Phartholбn air. "Tar isteach go bhfeicfidh tъ an fear seo" a dъirt sй. Isteach leis an bheirt acu agus d'oscail Den doras an tseomra. Bhн Partholбn ina luнsa leaba, marbh. "An sнleann tъ go bhfuil sй marbh" a dъirt Den. Cha raibh Mбnas ach dhб bhliain dйag ag an am agus d'imigh sй amach ina rith ar ais ag Sнle i dteach Phat.

D'йirigh Bill as an mhъinteoireacht nuair a bhнMбnas ar an scoil agus bhнсъpla mъinteoir eile ann ina am. Cha raibh Mбnas ceithre bliana dйag amach 's amach nuair a d'fhбg sй an scoil. Bhнcoicнs le dйanamh aige ach tharla rud inteacht ar an scoil lб amhбin. Bhнsй fйin agus Ned Shearlaнina suнag an deasc agus bhн John Cullen (John Henry) ina shuнrompu. Thуg Ned an tobar dъigh agus chuir sй й sнos съl muinнl John. Chuir an mбistir an locht ar Mhбnas agus bhatrбil sй й le bata agus d'fhбg sй cnapбin air. Bhнsiad a chur 'na scoile lб arna mhбrach agus d'imigh Mбnas amach an

cnoc. Luigh sй istigh faoi leac i rith an lae go dtнgo raibh sй ag йirigh dorcha. Bhнan teaghlach amuigh a chuartъ ach d'fhan Mбnas i bhfolach go dtнgur ghlac sй eagla. Cha deachaigh sй ar ais 'na scoile.

'S й an chйad jab a bhнag Mбnas nuair a d'fhбg sй an scoil nб le Bill, an t-iarmhъinteoir. Bhн garradh myr aige agus rinne sй an talamh rйidh agus chuir sй na prбtaнdy. Dhб scilling sa lб a fuair sй ag an am agus mar a dъirt sй fйin ghlac sй am fada dy sбbhбil suas fб choinne culaith. Rinne John a' Tбillъir an chйad chulaith dy agus chosain sй J2 agus 10 scil-linge. Ba chuimhin le Mбnas gur sin an бit a fuair sй an chйad "fry" ariamh. Dъirt Bill leis lб amhбin go raibh a fhios aige gur fhбg sй an scoil agus seans nach raibh myrбn foghlama aige. Mhol sй dy na pбipйir a lйamh achan lб agus go bhfaigheadh sй nнos my foghlama ansin nб gheobhadh sй a choнche ar an scoil. Ghlac Mбnas leis an chomhairle agus choinnigh sй leis a' lйamh. I ndiaidh sin chuaigh sй ar fostъ ag aintнn dy, Nan, amuigh i mBaile na tSlйibhe. Mar a



*Ó chlé tá Micheál Ó Gallachóir (mac Ghrace), Cití Mhic Giolla Bhríde (Bean chéile John a' Tailliúir), Rosie Mhic Giolla Bhríde (Bean chéile Phaidí Mhicí Rua), Nan a bhí i mBaile an tSléibhe agus Rosanne Mhici Rua.*

dъirt sй fйin, bhнsй mar a bheadh prнosъn ann. Bhнsн in ainm a bheith naofa ach bhнsнcreathnach gйar. Bб



*Teach Nan i mBaile an tSléibhe*

ghnбch lйi an glas a chur ar an doras ar maidin agus н ag dul chun Aifrinn ar an chйad Aoine agus cha bheadh greim bia le fбil go dtiocfadh sн ar ais san oнche. Nuair a bheadh achan rud dйanta sa trбth-nyna rachadh sй anonn ag na comharsana, muintir UнDhufaigh agus bhнodh craic go brбth ansin. Am an chogaidh a bhнann agus bhн Willie i ndiaidh teacht abhaile as Albain agus й lбn scйalta 'na bhaile. Na hoнcheanta airneбil seo tнDuffy a choinnigh i mBaile an tSlйibhe й ar feadh na sй mhн Bhн teach eile amuigh ar an chnoc, teach na Spiairнagus bhнPeadar, Micн Citн John agus a bhean chйile Bidн ina gcynaн



*Seanbhallóg na Spiairí*

ann ag an am. Bhнbбd (skift) ag John, "The Daylight Star"

The gallant boat, the Daylight Star,
She's commanded by a plucky chap,
Young Spiaire of Cnoc Myr.

Cъig phunt a bhнag dul don sй mhнan t-am sin ach d'inis a aintнn dб mhбthair nach ndearna Mбnas a dhath di i rith an tsamhraidh agus gur mharaigh sй a hasal. Nнbhfuair sй dнolta ar shon na sй mhн ariamh. Chuaigh Mбnas ag obair do Stephen Jack nuair a bhн sй thart fб chъig bliana dйag d'aois agus ansin ag un-



*Ballóga Stáisiún an Gharda Cósta*

cail dy fйin, John a'Taillъir, i gCluain tSaileach. Bhн am maith aige sna hбiteanna sin, ag sбbhбil myna agus a leithйid.

Trбthnyna Dй Domhnaigh shiъlfadh siad suas fhad le teach Isaac agus bheadh scaifte cruinnithe ansin. Shiъlfadh siad amach an bhealaigh fhad leis an stбisiъn ny b'fhйidir siar fhad leis an lodge. Sin an craic a bhн acu. Cha raibh airgead ar bith acu le bheith ag dul isteach sna tithe tбbhairne ach, ba

chuimhin le Mбnas lб amhбin nuair a bhнsй sй bliana dйag d'aois, thug fear a bhн ina gheafar leis an Chomhairle Chontae leathchoryin do fйin agus do Phaidн Уg Mhicн Rua le dul thart agus iarraidh ar John Andie theacht amach leis an bheathach agus an charr lб arna mhбrach le hobair ar an bhealach. Chuaigh Mбnas agus Paidн fhad le teach tбbhairne



*Chun tosaigh ó chlé tá Micheál Mór, Máire (iníon Mhánais) agus Pat a fear céile. Ar chúl tá Mánas, Annie, Rosanne (iníon Mhícheáil), Marie (bean chéile Mhícheáil), agus Dinis Mhicí.*

Davey Beag (an Beach) sna Dъnaibh agus bhuail siad cnag ar an fhuinneog. Sй pingine a bhнar bhuidйal Guinness agus cheannaigh siad cъig bhuidйal. Shuigh siad thнos ar an trб a n-yl. Maraнodh Paidн bocht in Albain i 1945 nuair a bhнsй bliain is fiche d'aois. Bhнsй ag obair ar fheirm agus bhнsй ag teacht anнos an cabhsa ar a rothar, й ag dul isteach go Couper, nuair a bhuail carr й.

### *Am an Chogaidh.*

Bhнdearthбir de Mhбnas, Michebl Myr, san Arm agus thrйig sй. Bhнlear acu ag tarraingt amach an t-am sin agus rachadh siad isteach sna Sй Contae ach thбinig Michebl 'na bhaile agus bhнsй thall ag Dinis Phat ag baint phrбtaнnuair a thбinig na saighdiъirнagus thyg siad й. Ach fuair sй amach as an Arm tamall ina dhiaidh sin agus d'imigh sй go hAlbain. Le linn an chogaidh bб ghnбch le daoine a bheith thнos ar an trб luath ar maidin ar eagla go dtiocfadh rud ar bith isteach leis an taoide agus maidin amhбin nuair a bhн Mбnas thart fб chъig bliana dйag bhнsй fйin agus a dhearthбir Dinis ann nuair a thбinig trнbhairille ola isteach. Dhнol siad beirt acu ach bhнpoll beag sa trнъ bairille agus rinne siad й a rolladh y Thrб na Rossan go dtнan chros i nDъn Dubhбin. Chuir Proinsias У Cuilinn rud beag sбdair air dyibh, bhain siad poll ansin agus chuir siad an bairille i bhfolach. Nuair a chuaigh siad sнos lб arna mhбrach bhнan bairille ar shiъl. Goideadh й. Maidin Dй Domhnaigh ansin ag an Aifreann thнos sa scoil insнodh do Mhбnas go raibh an bairille thall ar thaobh Fhбnada agus chuaigh PaidнBhrianaнanonn leis ar an churach le й a thygбil. Rinneadh iarracht й a bhaint dнobh nuair a shroich siad Dъn Dubhбin arнs agus ach ab й go raibh an sбdair air mar chruthъ gur leo й, bheadh sй caillte acu. Thigeadh cйir isteach leis an taoide agus dhйantaн coinnle amach as. Bhнadhmad ag teacht isteach fosta agus lб amhбin bhнtraidhfil fear thнos faoi Chnoc na Sleб agus planc myr ag teacht isteach. Cibй fear a gheobhadh й ba leis й. Lйim John Hughie Mhбnais amach. Fear yg a bhнann, thart fб seacht mbliana dйag, agus dybair gur bбdh й. Bhнsй ag strбcбil leis agus shнl na fir eile go mbeadh sй caillte ach d'fhan sй air agus sa deireadh d'йirigh leis й a thabhairt isteach.

### *Ar shiъl as Baile.*

Bhнrudaнolc ag tъs an chogaidh ach de rйir a chйile d'athraigh rudaн Bhнlear de na boic yga ag imeacht go Doire mar bhннos my oibre ann, ag tygбil aerfort agus a leithйid. Nuair a bhн sй ocht mbliana dйag d'aois d'imigh Mбnas agus John Ghracie ar an bhus isteach go Doire ag cuartъ oibre. D'inis sй dб dheirfiъr, Mбire, ar maidin go raibh sй ag imeacht. Nнor inis sй dб thuismitheoirнar eagla go mbeadh siad ag iarraidh air fanacht sa bhaile. Bhнsiad бmharach go leor mar nuair a thбinig siad den bhus i nDoire bhн fear ansin ag cuartъ oibrithe le dul ag obair ag an aerfort in Ballykelly. D'fhan siad ansin go raibh an jab chor a bheith crнochnaithe agus ansin chuaigh siad ag obair i gcairйal in Ringsend, taobh amuigh de Gharbh Achaidh. Nнraibh rudaнmaith ansin. Gheofб pнosa arбin amach leat ar maidin le rud beag ime air, agus tae dubh. Cha raibh bainne ny siъcra ar bith duit. Bheifeб ag obair ocht n-uaire ar sin. Scilling san uair a gheofб an t-am sin agus dб mbeadh lб fliuch ann nн bhfaighfeб a dhath. Nuair a bheadh an lyistнn dнolta, cha raibh chor a bheith a dhath fбgtha. I ndiaidh an darna lб dy a bheith ag obair ann, nuair a chuaigh Mбnas isteach le й fйin a ннgoideadh an cъig scillinge a bhнaige agus bhнsй fбgtha gan pingin. Chaith siad mн amhбin san бit sin agus d'imigh siad ansin go Lйim a' Mhadaidh. Chuaigh John na bhaile agus chuaigh Mбnas amach ag cuartъ oibre ar na feirmeacha. Fuair sй obair ar fheirm dhб mhнle taobh amuigh de Lйim a' Mhadaidh agus chaith sй an sam-

hradh ansin. Fuair sй J2-10s don tseachtain, agus a chuid. Chas sй ar Bhrianan У Cannбin as an Ard Bhбn ansin. Bhн seisean ag obair ar fheirm in aice leis agus bб ghnбch leo siъl isteach go Lйim a' Mhadaidh fб choinne buidйal Guinness. Gheofб buidйal ar 8 bpingine. Cha raibh na tithe tбbhairne sna sй contae oscailte ar an Domhnach ag an am ach bhнaithne ag Brianan ar thбbhairneoir agus gheobhadh siad isteach an doras cъil. Chuaigh Brianan ag obair ar fheirm i nDoire i ndiaidh tamaill ach thбinig a dhearthбir, Den ag obair i Lйim a' Mhadaidh thart fбn am cйanna. Chuaigh Den isteach in Arm na Breataine ina dhiaidh sin agus mharaigh snнpйir й an lб a chrнochnaigh an cogadh.

Nuair a d'fhiafraigh mй de Mhбnas an raibh sй uaigneach i ndiaidh dy an baile a fhбgбil dъirt sй gurbh an Domhnach an lб ba mheasa. Chuir sй i gcuimhne dy fear as Ciarraн a bhн ina chuideachta in Albain uair amhбin agus й sa dyigh chйanna. Bhнsiad ag stopadh i gcampa agus achan trбthnyna Dй Domhnaigh dйarfadh sй "Bheinn ag na crosbhealaigh anocht dб mbeinn sa bhaile" agus sin an dyigh a bhн sй.

***In Albain.***

I ndiaidh tamaill chuala Mбnas go raibh siad ag cuartъ fir in Albain le dul ag obair ar fheirmeacha. Chaithfeб clбrъ i nDъn Fionnachaidh fбna choinne agus chuaigh Mбnas abhaile don deireadh seachtaine. Chuaigh sй fйin agus Neil Cullen go Dъn Fionnachaidh ar rothair le clбrъ agus trн seachtaine ina dhiaidh sin fuair sй scйal le himeacht. D'imigh scaifte acu an t-am sin, й fйin, Neil, Anton У Dochartaigh, Brianan Phaidн Mhyr, Den Coyle, Jimн Phaidн Dhonnchaidh, Paidн Shearlan Phaidн, Danny Duffy, Fardie Бinne agus uncail do Joe Ghracie, Paidн Nuair a thбinig siad den bhбd i nGlaschъ bhн bean ansin ina n-airaicis agus thug sнiad isteach i gcaife fб choinne greim bia. Chuir sнiad ar an traein ansin le dul sнos go Ayrshire. Bhн coiste in Ayr agus chuir siad Mбnas, Anton У Dochartaigh, Fardie agus Paidн Shearlan Phaidн amach ar fheirm amhбin. Bhн craic maith ansin le muintir Бrainn Mhyir agus muintir Mhaigh Eoigh a bhнag dul do na prбtaн Foirgneamh ъr a bhн ansin dyibh, achan rud deas glan ann agus dhйanfб do chycaireacht fйin. D'fhan siad ansin ar feadh trн mhн ag obair ag an fhйar agus ag an fhymhar. Obair lбimhe uilig a bhн ann an t-am sin. D'imigh Fardie na bhaile ansin agus chuaigh Mбnas go Fife mar go raibh lear de mhuintir na nDъnaibh ann, a dhearthбir fйin, Dinis, Ned Shearlan agus Danny Duffy ina measc. Chuaigh sй amach ag obair i gcuideachta le Danny ar fheirm ansin. Ag tarraingt biatais a bhн siad ansin. 'Sй sin an бit a maraнodh Paidн Mhicн Rua bocht.

D'imigh Mбnas agus Charlie Boyce go Sasana ina dhiaidh sin agus chaith siad trнno ceithre oнche i model in York. Sin an бit a bhн siad nuair a chrнochnaigh an cogadh agus bhн oнche mhyr ann, achan duine amuigh ar an tsrбid ag ceol agus ag damhsa. Cha raibh obair ar bith le fбil in York agus chuaigh sй fйin agus Charlie amach ag siъl ag cuartъ oibre. Cha raibh a dhath acu le hithe ach arбn. Gheofб cъpyin achan seachtain ach bhн na cъpyin rite amach. Bhuail an t-ocras Mбnas agus sa deireadh chuaigh sй suas fhad le teach myr feirme agus d'fhiafraigh sй de bhean an tн an dtiocfadh lйi rud ar bith a thabhairt dy le hithe. Dъirt sн nach raibh go leor aici dб fir fйin. Shiъl sй anuas an lбnб arнs ach thit sй i laige leis an ocras. Bhн sй ina luн ansin ar feadh tamaill sular thбinig sй aige fйin arнs ach nuair a shiъl siad cъpla cйad slat eile bhн teach beag cois an bhealaigh mhyir. Bean yg a thбinig go dtн an doras agus tachrбn beag ina baclainn aici. D'iarr sй cъpla slis arбin uaithi agus thбinig sн amach le cupa bainne d'achan duine acu agus cъpla slis arбin. Bhн sй iontach buнoch don bhean sin. Mн Meithimh a bhн ann, drocham den bhliain le bheith ag lorg oibre agus d'fhill siad ar ais ar Fife arнs. Ina dhiaidh sin chaith sй trйimhse ag obair i nGlaschъ agus ansin sna "steelworks" in Corby. Bhн lear den mhuintir thart ag obair in Corby, Neil agus Micн Cullen, John agus Hughie Hughie Mhбnais. Bhн Mбnas ag obair le comhlacht as Glaschъ, Shanks & McEwan agus bhн fear darbh ainm Brennan as an Chraoslach ina chuideachta. Ba mhinic a deireadh Brennan "Nн thiocfaidh Lб Fhйile Pбdraig tapaidh go leor go bhfaighidh muid amach as an бit seo". Bhuel thбinig Lб Fhйile Pбdraig, d'imigh Brennan na bhaile agus chuaigh Mбnas ag obair taobh amuigh d' Oxford. Bhн an chйad stбisiъn adamhach ag dul suas ansin. Бit ghalбnta a bhн ann thuas os cionn Oxford agus ъlloird mhyra thнos fъthu. Bhн Dan Mac Phбidнn, Joe Ned Phбdraig agus cъpla fear eile as Carraig Airt ag obair ann.

***Bбs agus Pysadh.***

Cha raibh mбthair Mhбnais ach sй bliana agus leathchйad d'aois nuair a fuair sн bбs. Fuair siad scйala i nGlaschъ go raibh sн ar bhealach an bhбis agus thбinig Mбnas agus Grace anall ar an bhбd go Doire. Bhн orthu fanacht i rith an lae don bhus agus nuair a shroich siad an baile bhн sн marbh cheana



fйin. Bhн Mбnas ag obair thart fб Glaschъ nuair a chas sй ar Annie Nн Ghallachyir as Gort an Choirce. Bhн dearthбir Annie, Brian, pysta ar Ghrace, deirfiъr Mhбnais. Bhн Annie ag obair ag sagart ag an am amuigh in Carfin, бit a bhfuil Lбrionad Oilithreachta go fyill. Ina dhiaidh sin bhн sн ag obair i dteach le Rosanne Nic Giolla Bhrнde (Phaidн Mhadgie). Tб Rosanne beo beathach i nGlaschъ i rith an ama. Phys Mбnas agus Annie sa bhliain 1950 agus chaith siad mнna meala i mBaile Бtha Cliath agus i nDъn Dealgбn, бit a raibh a dhearthбir Johnny ag obair ag an am. Shocraigh siad i nGlaschъ agus chaith Mбnas seal ag obair sna tollбin agus blianta fada ansin ag obair le “Wimpy” ar na foirgnimh ilstyrach. Bhн sй ag obair ar an chйad “multi-storey” a thyg siad i nGlaschъ, foirgneamh fiche styr. In amanna bheifeб ag obair yn seacht a chlog ar maidin go dtн deich san oнche agus b’fhйidir seacht lб na seachtaine. Chaithfeб й a dhйanamh mar bhн an obair le cur i gcrнch faoi spriocdhбta. Fuair athair Mhбnas bбs i 1951 agus gan й ach na seacht mbliana agus trнscyr. Chuaigh sй anonn go Glaschъ agus bhн sй ag stopadh le Grace. Nuair a shroich sй Glaschъ thug Mбnas й go dtнan dochtъir. Cha ndйanfб coinne ar bith an t-am sin. Thagadh an dochtъir fhad le doras an tseomra feithimh le scairt a chur ar an chйad duine eile ach nuair a chonaic sй athair Mhбnais ag deireadh na scuaine ghlac sй й isteach. Chur sй й go dtнan ospidйal fб choinne x-gha agus ba й an toradh a bhн le seo nб go raibh an eitinn air agus bhн sй rymhall rud ar bith a dhйanamh dy. Dъirt an dochtъir le Mбnas dб mbeadh sй ann sй mhн roimhe sin go mbeadh seans maith aige. Thug Mбnas й ‘na bhaile ‘na nDъnaibh agus nюr mhair sй ach trн mhн Bhн dearthбir Mhбnais, Proinsн, tinn le heitinn thart fбn am sin fosta agus chaith sй sй mhн san ospidйal i nGlaschъ agus dhб bhliain sna Cealla Beaga.

### *Na Shetlands.*

Chuaigh Mбnas ag obair sna Shetlands sna seachtyidн agus chaith sй cъig bliana ag tygбil campaнdo na fir a bhнag cuartъ ola. Бit cosъil leis na Dъnaibh a bhн ann a dъirt sй agus bhн na tйarmaнoibre maith ann. Bhнairgead myr a dhйanamh agus nнraibh a dhath le dнol agat. Bhнteб ag obair seacht lб na seachtaine agus bheadh seachtain saor sa mhн agat. Thiocfadh leat dul ‘na bhaile don tseachtain ach nнraibh dъil ag Mбnas san eitleбn. Rachadh sй ar ais go Glaschъ achan thrн mhн Chaith sй bliain eile amuigh in Unst, an t-oileбn is faide y thuaidh, ag tygбil tithe.

### *An Chlann.*

Bhн triъr clainne ag Annie agus Mбnas, Sally, Mбire agus Micheбl agus iad uilig pysta agus anois ina gcynaн in Йirinn, Sally i Rath Bhotha, Mбire i dTiobrбid Бrainn agus Micheбl i nGort a’ Choirce.



*Ned Shearlaí agus Mánus ag Athaontú Scoil Mhí-obhaigh.*

Thбinig Mбnas agus Annie ar ais go Gort an Choirce sna hochtyidнagus thyg siad teach ann. Ghlac sй tamall dy socrъ ann ach bhнaithne aige ar chuid mhyr de mhuintir Ghort a’ Choirce a bhнar shiъl in Albain ina n-am. Chuidigh sй leis fosta nбr chaill sй a chuid Gaeilge agus bhн sй breб sбsta ann. Bhн seach-chonair

Ár mbuíochas d'Aodan Mac Cuinneagáin ar son na bpictiúr seo a ghlac sé ag an chóisir a bhí i gClubtheach Ros na Binne Oíche Dé Luain, 8 Nollaig.

















# Feadaímó



Oíche chiúin, shultmhar a bhí ann agus bhí Feadaímó, a athair Paidí Dhomhnail, a uncail Proinsí Rua agus Feardaí Ghracie Bháin ag tarraingt ar theach Thuathail Rua Mac Giolla Bhríde.
Bhí ceathrú gealaí ann agus chonaic Feadaímó imlíne na gcnoc in éadan na spéire. Chuala sé monabhar an tsrutháin a bhí ina rith cois bóthair agus ba seo an sórt oíche, de ghnáth, a bhaineadh Feadaímó pléisiúir as agus é ag siúl na mbóithre lena chairde. Ach, ní hamhlaidh a bhí sé anocht. Shiúil Feadaímó mar a bheadh príosúnach a raibh an crochadh i ndán dó. Bhí Feardaí Ghracie Bháin chun cleamhnas a eagrú anocht idir Fheadaímó agus iníon Thuathail Rua. Bhí Tuathal muinteartha do leath an íochtair agus thaitin sin go mór le Paidí Dhomhnail. Bhí Feadaímó uilig trína chéile. Nuair a tháinig sé na bhaile aréir ón Ghleann bhí an teach i ndorchadas agus achan duine ina luí. Shiúil se isteach chomh ciúin is a thiocfadh leis agus thug sé buíochas óna chroí don mhadadh mar nár thóg se truip ar bith agus é ag teacht isteach. Bhí sé leath bealaigh suas an dréimire chun an lochta nuair a chuala sé an chogarnach. “A Fheadaímó, cogar, a thaisce” Tháinig sé anuas agus shuí sé ar cholpa leaba Chití. “Nach mall an pilleadh atá ar dhiúlach óg na bhaile”, arsa Cití. “Bhí mé…” ach sular dúirt sé focal eile bhris Cití isteach air. “Éist liom, tá sibh ag dul chuig teach Thuathail Rua san oíche amárach chun cleamhnas a dhéanamh.” Ó, a Mhóirí, níl mise ag iarraidh cleamhnas a dhéanamh”, Sheas Feadaímó. “Cha ghlacfadh sé mórán domh na bonnaí a bhaint as.
Iníon Thuathail Rua. Cé acu ceann?” “Mádgie Rua,” arsa Cití.
“De réir cosúlachta, is oibrí maith atá inti agus beidh spré mhaith ag dul léi.” “Ba chuma sa diabhal liom faoin spré,” dúirt Feadaímó, “tá mo shaol féin agamsa agus ní fheicimse duine ar bith eile i mo shaolsa ach Gráinne Ní Dhubhaigh.” “Bíodh ciall agat, a Fheadaímó,” bhí glór Chití ag éirigh, “strainséir atá inti. Níl gaol de shórt ar bith aici leis an áit. Ná habair an darna focal, a Fheadaímó, gabh isteach a luí agus déan an rud a iarrfar ort amárach. Beidh an teach agus an talamh agat lá inteacht agus na caith sin ar shiúl ar amaidí. Anois, oíche mhaith agus abair do chuid paidreacha sula dtéann tú i do chodladh.” Anois ní raibh ach cúpla céad slat idir a féin agus Teach Thuathail Rua agus gan idé de shórt ar bith aige fá cad é le déanamh. Nuair a labhair a athair leis níos luaithe sa lá cha raibh sé de chroí aige é a dhiúltú.
B’eisean ceannaire an teaghlaigh agus bhí air meas a thaispeáint dó. Ach anois, agus iad ar shráid theach Thuathail bhí brón air nár sheas sé a fhód. Smaoinigh sé ar Ghráinne agus an dóigh nach dtiocfadh na focla chuige aréir. Is dóiche gur eagla a bhí air go ndéanfadh sí é a dhiúltú ach cibé ar bith ag deireadh na hoíche ní raibh a dhath ráite aige agus ghortaigh sin é níos mó ná rud ar bith eile.
Thosaigh an madadh ag tafann istigh agus tháinig Tuathal Rua a fhad leis an doras. “Bhail, a fheara, a dúirt sé. Nach deas an tráthnóna a thug sibh libh? Shiúil siad uilig isteach ansin agus shuigh siad. Ní raibh le feiceáil fán tine ach Nora, bean Thuathail agus beirt mhac. Bhí deichniúr de chlann ag Tuathal ach bhí triúr iníonacha pósta faoin cheantar, ceathrar mac ar shiúl ar obair shéasúrach agus gan sa bhaile anois acu ach an mac is sine, an mac is óige agus Mádgie. I ndiaidh na fáilte isteach níor dúradh a dhath ach bhí a fhios ag achan duine cúis na cuairte go háirithe nuair a tharraing Paddy Rua buidéal poitín amach as a phóca. “A Chormaic, imigh leat a luí mar a bheadh gasúr maith ann” dúirt Tuathal lena mhac is óige. “Tá Mádgie ag bleán na mbó is beidh sí istigh ar ball” Bhí sé ag amharc ar Fheadaímó agus é ag caint. Cha dtiocfadh leis a chreidbheáil go raibh an fear ab fhearr san íochtar ag cur ceiste faoina iníon. San am chéanna, bhí a fhios aige an dóigh le margadh maith a dhéanamh. “Tá sibh píosa maith as baile anocht a fheara,” a dúirt sé, “agus caithfidh mé a rá nach teach airneáil a bhí sa teach seo ariamh. Más oibrithe atá a lorg agaibh tá sibh mall mar tá na gasúirí eile uilig ar shiúl fán Lagan agus níl Tómas nó Cormac le spáráil agam. Choinnigh Paidí agus Proinsí Rua socair, chan a n-áitsean a bhí ann a dhath a rá oíche mar seo. D’éirigh Feardaí agus chuaigh sé a fhad leis an tine agus shuigh sé san áit a thréig Cormac. Thóg sé aibhleog ón tine agus dhearg sé a phíopa. Ghlac Proinsí an aibhleog uaidh ansin agus rinne seisean an rud céanna. Cha raibh sé i bhfad go dtí go raibh scamall toite ar foluain fán síleáil agus achan fhear ach Feadaímó ag smeachaíl a phíopa bhig chréafóige. Sa deireadh chaith Feardaí seile isteach sa ghríosach agus d’amharc sé ar Thuathal. “Tá a fhios ag an saol mór go bhfuil iníon eile faoi do dhíon go fóill, a Thuathail.” Tá leoga, arsa Tuathal, “Mádgie, m’aingeal beag. Níl a fhios agam cad é a dhéanfainnse nó Nora gan Mádgie fán teach. Is oibrí iontach í. Leis an fhirinne a rá dhéanfadh sí a oiread le beirt fhear.” Thug sé comhartha beag do Nora lena shúile agus d’éirigh sí. Thóg sí léi bosca adhmaid. “Gheobhaidh mé tuilleadh móna” a dúirt sí, agus amach léi. “Tá sé níos fearr cuid cainte fir a bheith fágtha ag na fir,” arsa Tuathal. Chaith Feardaí seile eile agus ghlan sé a bhéal le cúl a láimhe. “Tá ‘n ceart agat, agus anois, má tá tusa sásta tá mise anseo le cleamhnas a dhéanamh idir Mhádgie agus mhac Phaidí Dhomhnail anseo. Tá aithne mhaith agat ar Fheadaímó, a Thuathail. Níl feidhm ormsa insint duit nach bhfuil a mhacasamhail idir na trí paróistí. Éiríonn sé luath agus oibríonn sé mall agus ní bheidh a leithéid de rud is ganntanas faoina dhíon.”
Ó, arsa Tuathal, tá a dhíon féin aige? Bhí Paidí ar tí labhairt ach chuir Feardaí suas a lámh. “Á anois, a Thuathail, tá a fhios agatsa an dóigh a n-oibríonn na rudaí seo. Is fear óg atá in athair Fheadaímó go fóill

agus …..” Sular chríochnaigh sé shiúl Mádgie isteach an doras agus leathbhuicéad bainne léi. Girseach bheag trom a bhí inti le grágán mór de ghruaig rua ag lasadh a cinn. Bhí a dá súil ghlas neamh-chairdiúil ag dearcadh thart agus char dúirt sí sea nó chan ea le duine ar bith. Bhí Feadaímó ag amharc uirthi agus iontas air. Ní raibh áilleacht de shórt ar bith ag baint leis an ghirseach seo. Bhí sí costarnocht agus d'aithneofá ó na cosa sin gur isteach ón bhóitheach a bhí sí ag teacht. Bhí sé furasta a chreidbheáil gur oibrí maith a bhí inti mar bhí dhá sciathán uirthi cosúil le gabha dubh agus dhá lámh aici a choinneodh greim teann ar shleá nó ar shluasaid. Chuir sí an buicéad sa choirnéal agus shuigh sí ar sheanstumpa crainn.

"A Mhádgie," arsa Tuathal, tá an comhluadar uasal seo inár measc anocht ag cur ceiste fá dtaobh duitse, a thaisce. Ní raibh Feadaímó ag éisteacht. Bhí a fhios aige anois gur Gráinne an t-aon ghirseach dósan agus ní raibh dóigh ar bith a raibh sé dul a chaitheamh an chuid eile dá shaol le Mádgie. Bhí Tuathal ag bleadaráil leis fá chuid suáilcí a iníonach agus bhí Paidí Dhomhnaill ag rá leis féin gur seo bean a choinneodh smacht ar a mhac, rud a bhí a dhíobháil, agus thar sin uilig bhí sí gaolta leis na teaghlaigh chearta. Chríochnaigh Tuathal le tagairt do na iníonacha eile dó a bhí pósta fán cheantar. "Teach ar bith ina bhfuil siad tá suaimhneas. Oibríonn na fir agus ní ólann siad barraíocht poitín. Tá páistí acu uilig, neart gasúirí ina measc, agus achan duine acu chomh folláin le breac. D'amharc sé ar Fheardaí. Caithfidh tusa, a Fheardaí, a chur san áireamh go bhfuil spré tugtha cheana agam trí huaire agus nach bhfuil mórán agam le tabhairt an t-am seo. Níor dúirt Feardaí a dhath. Thuig sé an cineál seo cainte agus leoga bhain sé sult as an chluiche mar bhí a fhios aige nach raibh fear sa pharóiste ag iarraidh a bheith fágtha le iníon spáráilte fán teach go háirithe nuair a bheadh an mac is sine ag tabhairt bean isteach nuair a thiocfadh an t-am. Nuair a chuala Feadaímó an chaint faoin spré bhí a fhios aige gur seo an t-am le deireadh a chur leis an chomhrá. Ní raibh dóigh ar bith go rachadh sé fríd leis an chleamhnas seo. Sheas sé agus bhuail sé a dhá lámh le chéile. "A fheara, tá brón orm," a dúirt sé. Tháinig mé anseo anocht mar gur iarr m'athair orm teacht. Ní raibh comhrá ar bith fán rud nó ceist curtha ormsa faoin chleamhnas seo agus glacaim leis gur sin an dóigh a n-oibríonn na rudaí seo faoin cheantar. A athair, cha deachaigh mé i d'éadan ariamh go dtí seo. Níl mise ag glacadh le seo. Tá girseach amháin agamsa agus uirthi sin a bheas mise pósta.

Níl mise ag déanamh beag de d'iníon, a Thuathail, níl amhras ar bith ná go ndéanfaidh sí céile mhaith d'fhear inteacht ach ní domhsa. Tá a fhios agam nach bhfuil leathphingin i mo phóca ach imeoidh mé anocht agus ní thiocfaidh mé ar ais go mbeidh stór beag déanta agam." D'éirigh sé agus shiúl sé amach gan focal eile a rá. Thit an croí as Paidí. Ní raibh sé ag súil le seo. Bhí Feadaímó ag imeacht. Rith se amach agus Proinsí Rua leis ach bhí Feadaímó ar shiúl thart coirnéal an tí agus imithe as amharc súl. A Fheadaímó, scairt Paidí ach níor tháinig freagra. Bhí ualach trom ar ghuaillí Phaidí agus é ar a bhealach na bhaile agus an droch-scéal leis.

Char stad Feadaímó go dtí go raibh sé ar shráid Mhicheál Uí Dhubhaigh sa Ghleann. Bhuail sé cnag ar an doras ach ní raibh duine ar bith ina shuí. Thóg sé an laiste agus shiúil sé isteach.

"Hello," a scairt sé, "A Mhichíl, is Feadaímó atá ann." Bhí Gráinne ina luí sa chlúid agus d'éirigh sí. "A Fheadaímó, cad é faoi Dhia atá tú ag déanamh anseo." Tháinig Micheál isteach ón seomra eile agus é ag cuimilt an chodlata óna shúile. "An bhfuil rud inteacht ciotach, A Fheadaímó," a dúirt sé. "Níl, bhail tá is dóiche." D'amharc sé ar Ghráinne. "Bhí mé i dteach anocht le cleamhnas a dhéanamh ach cha deachaigh me fríd leis. Char dúirt mé a dhath arú aréir leat, a Ghráinne, ach is tusa an t-aon ghirseach domhsa. Tá a fhios agam nach bhfuil a dhath agam ag an bhomaite seo ach tá mise ag fágáil anocht is rachaidh mé go Meiriceá. Nuair atá stór airgid déanta agam tiocfaidh mé ar ais fá do choinne. Sin an cheist atá agam ort, a Ghráinne, an bhfanfaidh tú liom?" A Fheadaímó, arsa Gráinne, níl aithne agam ort nó agatsa ormsa. Cha dtig liomsa freagra a thabhairt ar cheist mar sin, i lár na hoíche, d'fhear atá ar tí an tír a fhágáil agus níl a fhios agamsa cé acu an bhfeicfidh mé é arís nó nach bhfeicfidh." Sheas Feadaímó mar a bheadh balbhán ann. Shíl sé go mbeadh seo uilig iontach simplí.

Bhí sé uilig pléite ina chloigeann aige agus é ar an bhealach aníos. Bheadh brón ar Ghráinne agus na deora ag titim lei, siocair go raibh sé ag imeacht agus dhéanfadh sí iarracht é a mhealladh óna thriall. Ansin nuair a d'fheicfeadh sí nach n-athródh sé a intinn, ghealladh sí go bhfanfadh sí air, agus d'imeodh sé mar laoch sa dorchadas. Ní mar a shíltear a bítear i gcónaí. Ní raibh brón ar bith ar aghaidh Ghráinne. Ní raibh a leithéid de rud is deoir le feiceáil agus is cinnte nach mbeadh gealltanas ar bith ag teacht uaithi. Labhair Micheál leis i nglór deas íseal. "A Fheadaímó, an bhfuil tú cinnte gur seo an rud ceart le déanamh. Níl tú ach óg go fóill agus tá saol crua gan trócaire amuigh ansin d'fhear gan teaghlach nó cara. Fan go maidin agus tchífimid ansin an dóigh is fearr le seo a réiteach.

Chroith Feadaímó a cheann agus shiúil sé amach an doras. Bhí sé náirithe mar go ndearna sé amadán do féin ach os cionn achan rud eile, in áit eisean a bheith ag fágáil croí briste ina dhiaidh bhí an croí briste leis.

D'amharc sé ar an ghealach agus chuir sé a dhá lámh ina phócaí.

Bhí na pócaí sin folamh agus é ar a bhealach go Meiriceá. Ag an bhomaite sin mhothaigh sé go raibh Meiriceá chomh fada ar shiúl is a bhí an ghealach.

*Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.*

## Laochra an Chogaidh Mhyir

*Bhí mé ag caint le John Gallagher atá ina chónaí ar an Chaiseal, deas do dhroichead an Leacaigh. Fear suimiúil atá*



*Droichead an Leacaigh*

*ann agus tá tréan eolais aige. D'in-is sé domh gur tógadh droichead an Leacaigh sa bhl-iain 1750 agus gur chosain sé trí fichid punt ag an am.*



*Roimhe sin deir sé go raibh leacach, a bhí faoin uisce, ag*



*dul trasna na habhann níos faide suas, deas don Ghleann, agus gur sin an t-aon dóigh a bhí acu le dul trasna, daoine agus eallach. Sin mar a fuair an droichead a ainm.*



*Chuir saighdiúirí an Stáit meascán pléascán ar an dá thaobh den droichead sa bhl-iain 1940, ag tús an chogaidh, le é a phléascadh ar arm na Gear r*



Seo Eagrán na Nollag de Ghuth Ghoill agus bá mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na daoine sin uilig a scríobh píosaí dúinn agus a thug pictiúir dúinn i rith na bliana. Tá súil againn go bhfuil sibh ag baint sult as an iris seo agus má tá moltaí ar bith agaibh faoi dhóigh le feabhas a chur uirthi tá muid i gcónaí sásta labhairt libh. Má tá scéal ar bith agaibh, seanphictiúir nó pictiúir d'ócáid ar bith bheadh lúcháir orainn iad a chur i nGuth Ghoill.

Mar atá a fhios agaibh is féidir linn na sé eagrán de Ghuth Ghoill a chur chuig duine áit ar bith sa domhan ar chostas €25 agus más mian leatsa, nó duine muinteartha leat as baile, úsáid a bhaint as an ais seo, cuir scairt orainn san oifig ar 074 9154830 nó cuir ríomh-phost chugainn ag ceimaniar@eircom.net. Beidh litir ag dul amach ag tús na bliana chugaibh uilig atá ar an liosta cheana féin.

Guímid Nollaig Shona agus Athbhliain faoi mhaise oraibh uilig.




Áit ar chúl Mhuslac ar ghnách le cuairteoirí go dtí Óstlann Ros na Binne a dhul ag snámh ann. Tá na boscaí ar ghnách le daoine a gcuid éadaí a athrú iontu le feiceáil ar an ard.

Deán teagmháil linn:

Ceim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

**Fón: 074 9154830**

**Facs: 074 9154830**

**Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta